August 2024 QP27/IEM 03 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Beartas ar Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


**1.** RÉAMHRÁ ..... 4

**2.** CÚLRA MHÍNITHEACH AGUS COMHTHÉACS AN BHEARTAIS ..... 5

**2.1** An Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM): Cuspóir, Úsáidí agus Buntáistí ..... 5

**2.2** Údarú IEM agus a chur i bhfeidhm maidir le grúpai difriúla eagraithe ..... 6

**2.3** IEM agus Dearbhú cáilíochta san Ardoideachais agus i gCláir Oideachais sa Bhéárla ..... 6

**2.4** An gaol idir an IEM agus bearta eile in Acht 2012 arna leasú ..... 7

**2.4.1** Measúnú díchill chuí ..... 8

**2.4.2** Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe agus an Ciste Cosanta d'Fhoghlaimeoirí ..... 9

**2.4.3** Oibleagaidí reachtúla eile ..... 10

**2.5** Beartas um Oideachas Idirnáisiúnta ..... 10

**2.6** Beartas Inimirce ..... 11

**3.** AN BONN REACHTACH LEIS AN IEM ..... 13

**3.1** Forálacha Reachtúla ..... 13

**3.2** Ceanglais Reachtúla maidir le hÚdarú IEM ..... 13

**3.3** Coinníollacha Ginearálta maidir le hÚdarú IEM ..... 15

**3.4** Sainmhíniú ar Fhoghlaimeoir Idirnáisiúnta ..... 15

**3.4.1** Foghlaimeoirí Idirnáisiúnta san Ardoideachas ..... 15

**3.4.2** Foghlaimeoirí Idirnáisiúnta i dTeagasc an Bhéarla ..... 16

**4.** SOLÁTHRAITHE A LORGAÍONN ÚDARÚ CHUN AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTAA ÚSÁID ..... 17

**4.1** Soláthraithe Ábhartha agus Nasctha ..... 17

**4.2** Soláthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla (ELE) Programmes ..... 17

**5.** NA CÓID CHLEACHTAIS CHUN CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIUNA A SHOLATHAR D'FHOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA ..... 18

**5.1** Bonn Reachtúil na gCód Cleachtais ..... 18

**5.2** Ceanglais Shonraithe na gCód Cleachtais ..... 18

**5.3** Cóid Chleachtais AO agus ELE ..... 19

**5.3.1** Cuspóirí Beartais: Na Timpeallachtaí Rialála agus Dearbhaithe Cáilíochta ..... 19

**5.3.2** Cód Cleachtais AO ..... 20

**5.3.3** Cód Cleachtais ELE ..... 20

**5.4** Comhlíonadh na gCód Cleachtais ..... 20

**5.5** Soláthar Oideachais agus Oiliúna arna chlúdach ag na Cóid Chleachtais ..... 21

**6.** FORAMHARC AR PHRÓISEAS AN ÚDARAITHE ..... 23

**6.1** Doiciméadú Phróiseas Údaraithe an IEM ..... 23

**6.2** Soláthraithe AO ... 23

**6.3** Soláthraithe ELE ... 24

**7**. MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHLÍONADH AN CHÓID CHLEACHTAIS AGUS ÚSÁID AN MHAIRC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA AG SOLÁTHRAÍ ... 25

**7.1** Monatóireacht ... 25

**7.2** Athbhreithniú ... 25

**8.** AISTARRAINGT AN ÚDARAITHE CHUN AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA A ÚSÁID ... 26

**9.** IMPLEACHTAÍ DON SCÉIM REATHA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA LE HAGHAIDH ELE: CREIDIÚNÚ AGUS COMHORDÚ SEIRBHÍSÍ BÉARLA (ACELS) ... 27

**10.** TÁILLÍ AGUS AN MUIREAR BLIANTÚIL A GHABHANN LEIS AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA ... 27

**11.** FAISNÉIS PHOIBLÍ MAR GHEALL AR SHOLÁTHRAITHE ARNA N-ÚDARÚ CHUN AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA A ÚSÁID ... 29

**12.** AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA: BRANDÁIL AGUS CUR CHUN CINN ... 30

**12.1** Brandáil ... 30

**12.2** Cur chun cinn ... 30

**13.** AN PRÓISEAS CINNIDH, ATHBHREITHNITHE AGUS ACHOMHAIRC ... 31

# 1 BROLLACH

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Leasaíodh Acht 2012 ina dhiaidh sin leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, agus is mar Acht 2012 arna leasú a dhéanfar tagairt don reachtaíocht sin as seo amach.

Leagtar amach in Acht 2012 arna leasú feidhmeanna QQI. Áirítear orthu sin na ceanglais chun cód nó cóid chleachtais a bhunú chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus chun úsáid an mhairc oideachais idirnáisiúnta a údarú do sholáthraithe a chomhlíonann cód cleachtais. Bunaítear leis an doiciméad seo beartas agus critéir do sholáthraithe clár ardoideachais (AO) agus chláir oideachais sa Bhéarla (ELE) a lorgaíonn údarú chun an marc oideachais idirnáisiúnta a úsáid. Ba cheart an beartas seo a léamh i gcomhar leis na doiciméid seo a leanas:

- Cód Cleachtais chun Cláir Ardoideachais a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta[1]
- Cód Cleachtais chun Cláir Oideachais sa Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta[2]
- Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla.[3]

1 Cód Cleachtais chun Cláir Ardoideachais a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta.https://www.qqi.ie/sites/default/files/2024-01/code-of-practice for-provision-of-programmes-of-higher-education-to-international-learners.pdf

2 Cód Cleachtais chun Cláir Oideachais sa Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta. https://www.qqi.ie/sites/default/files/2024-01 code-of-practice-for-provision-of-programmes-of-english-language-education-to-international- learners.pdf

3 Treoirlinte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla. https://www.qqi.ie/sites/default/files/2024-01/statutory quality-assurance-guidelines-for-english-language-education-providers.pdf

# 2 CÚLRA MHÍNITHEACH AGUS COMHTHÉACS AN BHEARTAIS

## 2.1 AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA (IEM): CUSPÓIR, ÚSÁIDÍ AGUS BUNTÁISTÍ

Is marc cáilíochta nua é an Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM) atá ceaptha chun muinín an phobail a léiriú agus a chur chun cinn i gcáilíocht na soláthraithe Éireannacha a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Bronnfar an IEM ar sholáthróirí a léirigh go gcomhlíonann siad caighdeáin náisiúnta chun taithí ardchaighdeáin a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ón gclárú go dtí go gcríochnaíonn siad a gcláir oideachais agus oiliúna.

D'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, soláthróidh an IE

- treoir iontaofa do sholáthróirí iontaofa atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta agus a sholáthraíonn cláir AO agus ELE in Éirinn;
- cinnteoidh sé go ndéanfaidh soláthraithe iad a earcú ar bhealach eiticiúil;
- dearbhóidh sé go ndéanfar na cáilíochtaí a chuireann foghlaimeoirí i láthair soláthraithe AO chun críche iontrála a mheasúnú go cothrom de réir Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin;
- cabhróidh sé le dea-chaighdeán agus comhsheasmhacht a gcuid eispéireas foghlama a chinntiú trína chinntiú go gcuirfidh a soláthraithe tacaíochtaí acadúla ar ard-chaighdeán agus tacaíochtaí seirbhíse eile ar fáil.
- ráthóidh siad go gcosnófar a leasanna i gcásanna ina scoirfidh an soláthraí a roghnaigh siad de bheith ag trádáil nó ina scoirfidh sé dá chlár roghnaithe a sheachadadh

I gcás soláthraithe oideachais agus oiliúna an IEM

- soláthróidh siad fianú stáit ar cháilíocht na soláthróirí agus a gcuid clár
- tacóidh siad lena ngníomhaíochtaí margaíochta agus cur chun cinn;
- bunóidh sé caighdeáin tairsí soiléire, arna gcomhaontú go náisiúnta, chun cúram a thabhairt do mhic léinn idirnáisiúnta.

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach, beidh an IEM bunaithe ar an mbonneagar náisiúnta DC atá ann cheana féin agus feabhsófar é trí chóid chleachtais reachtúla nua do sholáthraithe, a ndéantar foráil dóibh go léir san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 arna leasú.[4]

4 An tAcht um Dhearbhú Cailíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiiliúint) 2012 (irishstatutebook.ie); An tAcht um Dhearbhú Cailíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint (*Leasú*) 2019 (irishstatutebook.ie)

## 2.2 ÚDARÚ IEM AGUS A CHUR CHUN FEIDHME I GCÁS GRÚPAÍ DIFRIÚLA SOLÁTHRAITHE

Cuireann an reachtaíocht atá mar thaca don IEM ar chumas QQI a úsáid a údarú do ghrúpaí éagsúla soláthraithe (féach cuid 3 thíos). Tá sé socraithe ag QQI go sonróidh sé agus go n-údaróidh sé úsáid an IEM do sholáthraithe AO agus ELE. Léireoidh na grúpaí soláthraithe seo go bhfuil siad ag comhlíonadh na gcód cleachtais ar leith a forbraíodh do gach grúpa: ceann amháin don ardoideachas, an Cód Ardoideachais; agus ceann amháin d'oideachas sa Bhéarla, an Cód ELE (féach cuid 5 thíos).

Tá an cinneadh beartais seo bunaithe go páirteach ar an idirdhealú a dhéantar in Alt 60(1)(a)(i) d'Acht 2012 arna leasú idir cláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC agus cláir sa Bhéarla. Déanann an tAcht idirdhealú, i ndáiríre, ar aicmí éagsúla clár - cláir ELE agus cláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear sa CNC - a thairgeann cineálacha éagsúla soláthraithe, de ghnáth. Léiríonn sé go soiléir an bealach chun cóid chleachtais ar leith a bhunú a bheidh le comhlíonadh ag soláthraithe clár AO agus ELE chun críche údarú a fháil chun an IEM a úsáid

Níl an chatagóir clár eile dá dtagraítear in Alt 60(1)(a)(i) d'Acht 2012 arna leasú - cláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC - chomh sonraithe sin. Agus cinneadh á dhéanamh go mbeidh an chatagóir seo teoranta do sholáthróirí AO, tá QQI tar éis leas a bhaint as straitéisí náisiúnta i ndiaidh a chéile ar oideachas idirnáisiúnta, inar aithníodh an t-ardoideachas agus oideachas sa Bhéarla mar na príomhréimsí le haghaidh forbairt straitéiseach chun córas oideachais na hÉireann a bhunú mar chóras atá idirnáisiúnaithe go hiomlán agus a mheallann mic léinn cumasacha idirnáisiúnta.5 Léirítear an fócas straitéiseach céanna ar an ardoideachas agus chóras oideachais ar shlí eile sna critéir inimirce bhunaithe maidir le hincháilitheacht clár agus soláthraithe áirithe do mhic léinn neamh-AE/LEE ar mian leo staidéar a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha in Éirinn (féach freisin cuid 2.6 thíos).

Cé gur chinn QQI úsáid an IEM a údarú do sholáthraithe AO agus ELE ar dtús, tugann an reachtaíocht údarás roghnach do QQI cód cleachtais atá ann cheana a chúlghairm nó a leasú, nó cóid chleachtais éagsúla a eisiúint. Trí na meicníochtaí chun cód cleachtais atá ann cheana

a leasú, nó cóid chleachtais éagsúla a eisiúint, d'fhéadfadh QQI an t-údarú chun an IEM a úsáid a leathnú chuig catagóirí eile soláthraithe ag dáta amach anseo, dá mbeadh riachtanas beartais ann chun dul sa treo seo. D'fhéadfaí tabhairt isteach cóid chleachtais éagsúla ag QQI a chur i bhfeidhm freisin ar chineálacha éagsúla clársholáthair a bhaineann le hoideachas idirnáisiúnta, amhail cláir bhonnbhliana idirnáisiúnta nó cláir oideachais thrasnáisiúnta, rud a chuirfeadh ar chumas QQI úsáid a bhaint as an IEM go sonrach i dtaca leis na réimsí soláthair, dá mba ghá ó thaobh beartais.

## 2.3 AN IEM AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA IN ARDOIDEACHAS AGUS I GCLÁIR OIDEACHAIS SA BHÉARLA

Ar dtús, údaróidh QQI an IEM maidir le soláthar oideachais idirnáisiúnta laistigh de na hearnálacha AO agus ELE. Is díol suntais é go bhfuil na hearnálacha AO agus ELE tar éis teacht chun cinn ar bhealaí ar leith, ionas go bhfuil éagsúlacht mhór idir an dá earnáil

5 Féach go háirithe Irish Educated. Globally Connected. An International Education Strategy for Ireland, 2016-2020 (An Roinn Oideachais agus Scileanna), lgh.7-9; Global Citizens 2030.Ireland's International Talent and Innovation Strategy (An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, 2024), lgh. 4, 16-17, 33, 44. Féach, leis, roinn 2.5 den doiciméad seo.

sa chaidreamh a bhí acu le córais DC agus cáilíochtaí an stáit. Mar thoradh air sin, beidh tréithe ar leith ag na cóid chleachtais do na hearnálacha faoi seach, cé go mbeidh roinnt gnéithe eile i bpáirt acu. Baineann siad seo leis an gcaoi a bhfuil an DC le sonrú sa dá chód cleachtais, agus an chaoi a mbeidh sé mar bhonn taca le húdarú QQI chun an IEM a úsáid.

San ardoideachas, tá socruithe reachtúla DC i bhfeidhm ó dheireadh na 1990idí agus cuimsítear iad i gCuid 3 d'Acht 2012 arna leasú. Tá na socruithe reachtúla DC seo leagtha amach i sraith chuimsitheach doiciméad beartais arna gcur i dtoll a chéile ag QQI ó bunaíodh é in 2012, lena n-áirítear na *Croí-Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta d'úsáid na soláthraithe uile*, arna chur i dtoll a chéile ag QQI.[6] Aon institiúid ardoideachais a lorgaíonn údarú chun an IEM a úsáid, ní mór di cloí leis na socruithe seo. Go sonrach, ceanglaítear le hAcht 2012 arna leasú go mbeadh nósanna imeachta DC bunaithe ag institiúidí AO is iarrthóirí faoi Alt 28 den Acht, agus beidh an IEM ina fhianú, den chuid is mó, ar láidreacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta reatha. Foráiltear in Acht 2012 arna leasú freisin d'fheabhsú na nósanna imeachta atá ann cheana féin trí chód cleachtais reachtúil a bhunú do sholáthróirí a thairgeann cláir AO d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Socraíonn an Cód AO ionchais shoiléire maidir le cáilíocht na seirbhíse agus na dtacaíochtaí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta in Éirinn, agus d'fhoghlaimeoirí lasmuigh de stát atá cláraithe ar chláir AO as a leanann mórdhámhachtainí agus neamh-mhórdhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC.

Go ginearálta, ní thairgeann soláthraithe ELE cláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC. Mar thoradh air sin, ní raibh cúis ag an earnáil go dtí seo glacadh go foirmiúil leis na socruithe reachtúla DC atá mar bhonn agus taca leis an soláthar agus na cáilíochtaí a leanann é sa chóras oideachais tríú leibhéal. Déanann alt 61(6) d'Acht 2012 arna leasú, áfach, foráil d'aicme bhreise soláthraithe a bhféadfar caitheamh leo mar sholáthraithe ábhartha ar mhaithe le húdarú a fháil leis an IEM a úsáid agus chuige sin amháin. Cuimsítear soláthraithe ELE san aicme soláthraithe seo. Beidh ar aon soláthraí ELE ar mian leis údarú a fháil chun an IEM a úsáid a bheith ina sholáthraí ábhartha agus nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta (DC) a bhunú faoi alt 28 d'Acht 2012 arna leasú.

Beidh bunú nósanna imeachta DC ag soláthraithe ELE ina phríomhchuid de chur i bhfeidhm an IEM san earnáil ELE. Déanfaidh próiseas forfheidhmithe an IEM comhlíonadh a neadú le córas foirmiúil DC do sholáthraithe ELE atá bunaithe ar threoirlínte reachtúla nua DC do sholáthraithe ELE. Tacóidh na treoirlínte nua, atá ag luí le croí-threoirlínte reachtúla QQI um dhearbhú cáilíochta, le hailíniú na gclár ELE leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR).[7] Go bunúsach, leathnóidh próiseas údaraithe an IEM an bonneagar náisiúnta DC chuig an earnáil ELE ar bhealach foirmiúil.

## 2.4 AN GAOL IDIR AN IEM AGUS BEARTA EILE IN ACHT 2012 ARNA LEASÚ

Tacaíonn Acht 2012 arna leasú freisin le cuspóirí IEM trí sholáthar a dhéanamh do shraith bhreise beart atá deartha chun leasanna ginearálta na bhfoghlaimeoirí atá cláraithe ar an gclár a chosaint ar chláir arna gcur ar fáil ag soláthraithe Éireannacha. Tá raon leathan leasanna foghlaimeora i gceist anseo, a chuimsíonn cáilíocht agus comhsheasmhacht a n-eispéiris foghlama, aithint a ngnóthachtálacha foghlama agus leas ginearálta foghlaimeoirí. Mar sin beidh meascán de DC,

6 qg-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf (qqi.ie). Gheofar sraith iomlán threoirlínte DC QQI ag: Quality assurance guidelines | Quality and Qualifications Ireland (qqi.ie . http://ehea.info/page-standards-and-guidelines-for-quality-assurance

7 An Creat Comhchoiteanna Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: Learning, Teaching, Assessment (CEFR) - Common European Framework of Reference for Languages (CEFR) (coe.int)

cáilíochtaí, agus cúrsaí rialála i gceist, agus cuimseoidh siad, taobh amuigh den IEM, forálacha a bhaineann le sláine acadúil chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann, go háirithe maidir le dul i ngleic le héascú na caimiléireachta i measc foghlaimeoirí. Áirítear leo freisin forálacha a bhaineann le cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) arna ndéanamh ag ollscoileanna agus forais cháiliúcháin ainmnithe eile (DABanna), agus ag forais cháiliúcháin liostaithe (forais idirnáisiúnta, gairmiúla agus earnála). Is í an ghné dheiridh socruithe reachtacha lena gceanglófar ar sholáthróirí neamhspleácha / /príobháideacha dul faoi mheasúnuithe díchill chuí nuair a bhíonn caidreamh oifigiúil acu le QQI agus dul isteach i scéim nua chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint, a mbeidh ciste cosanta reachtúil d'fhoghlaimeoirí mar bhonn agus taca léi [8]

## 2.4.1 MEASÚNÚ DÍCHILL CHUÍ

Tá QQI freagrach as measúnuithe díchill chuí a dhéanamh ar sholáthraithe sonraithe a mbíonn caidreamh ar bhonn reachtúil acu le QQI. Tá freagracht air freisin as an gciste um chosaint d'fhoghlaimeoirí a bhainistiú. Is codanna dílse den IEM iad na measúnuithe díchill chuí agus an ciste cosanta d'fhoghlaimeoirí araon.   áthar ag súil go sásóidh gach soláthróir neamhspleách / príobháideach AO agus ELE a bheidh ag plé ar bhonn reachtúil aige le QQI na critéir dhíchill chuí atá leagtha amach faoi alt 29(B) d'Acht 2012 arna leasú. Ceanglófar ar gach soláthraí ELE, a bheidh ag plé le QQI ar bhonn reachtúil den chéad uair, agus údarú á lorg aige chun an IEM a úsáid, dul faoi mheasúnú díchill chuí mar chuid dá iarratas IEM. Go sonrach, ceanglófar ar sholáthraithe ELE critéir áirithe a shásamh maidir le rialachas, airgeadas, comhlíonadh an dlí, agus cothabháil líon foirne atá cáilithe agus cobhsaí,[9] chun dearbhú réasúnta a thabhairt do QQI go bhfuil an cumas agus an acmhainn acu chun nósanna imeachta láidre DC a chur i bhfeidhm agus cláir chomhleanúnacha oideachais agus oiliúna a sholáthar. Tá na ceanglais seo leagtha amach i rialacháin arna gcinneadh ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Ní bheidh ceangal ar sholáthróirí sonraithe príobháideacha / neamhspleácha a bhfuil a nósanna imeachta DC ceadaithe ag QQI faoi Acht 2012 arna leasú, agus a bhfuil cláir AO dá gcuid bailíochtaithe ag QQI faoin Acht céanna, dul faoi mheasúnú díchill chuí mar chuid dá n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, cé go mbeifear ag súil go sásóidh siad critéir an díchill chuí faoi alt 29(B) d'Acht 2012 arna leasú. Ar an gcaoi chéanna, soláthraithe nasctha neamh-dhíolmhaithe a ndearna foras cáiliúcháin ainmnithe, roimh a n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, a nósanna imeachta DC a fhormheas, agus a shásaigh na réamhriachtanais go léir nó cuid de na réamhriachtanais do dhámhachtain ón bhforas cáiliúcháin ainmnithe, ní cheanglófar orthu dul faoin measúnú reachtúil dícheall cuí seo mar chuid dá n-iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, cé go mbeifear ag súil go gcomhlíonfaidh siad critéir an díchill chuí. Beifear ag súil go rachaidh gach soláthraí AO dá short faoi mheasúnú díchill chuí ag dáta níos déanaí.[10] Is é an aidhm fhoriomlán gur soláthraithe a bhfuil dóthain acmhainní airgeadais acu, mar aon le cleachtais fhónta ghnó, agus

8 Acht 2012 arna leasú Revised Acts (lawreform.ie): s. 43A (seirbhísí caimiléireachta foghlaimeora); ss. 55A-55I (cuimsiú dámhachtainí sa CNC); ss. 60- 63 (IEM); ranna 29A-29C (dícheall cuí); ss. 64-67 (PEL agus an ciste cosanta d'fhoghlaimeoiri). Déantar foráil anois i bprótacal comhearnála idir na DABanna agus QQI do chuimsiú dhámhachtainí na bhforas cáiliúcháin go foirmiúil in CNC. Joint-sectoral protocol DABs.pdf (qqi.ie).

9 Maidir leis an gcritéar foirne, féach, leis, Sector Specific   tatutory Quality Assurance Guidelines developed by QQI for Independent /Private Providers coming to QQI on a Voluntary Basis de chuid QQI: qg-2-sector-specific-qa-guidelines-for-private-and-independent-providers.pdf (qqi.ie), pp. 2-3, 5, 8.

10 Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid AO ag soláthraí sonraithe AO, féadfaidh QQI, dá rogha féin, iarraidh ar sholáthraí sonraithe AO a léiriú do QQI go gcomhlíonann sé critéir shonraithe faoi rialacháin an Aire (alt 29A(1) d'Acht 2012 arna leasú).

fíorthiomantas agus cumas chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí, a gheobhaidh aitheantas stáit ar son an tsoláthair oideachais agus oiliúna a chuireann siad ar fáil.[11]

Tá na hinstitiúidí seo a leanas díolmhaithe ó na ceanglais reachtúla díchill chuí faoi alt 65(6) d'Acht 2012 arna leasú:

- ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo;
- ollscoileanna teicneolaíochta;
- institiúidí teicneolaíochta;
- an Foras Riaracháin, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Oideachais Marino, agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

### 2.4.2 COSAINT D'FHOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE AGUS AN CISTE COSANTA D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Foráiltear i gCuid 6 d'Acht 2012 arna leasú do scéim PEL reachtúil nua a mbeidh Ciste Cosanta d'Fhoghlaimeoirí mar bhonn agus taca léi. Baineann an scéim nua le cláir oideachais agus oiliúna a mhairfidh trí mhí nó níos faide agus le cláir oideachais sa Bhéarla. Cuimseoidh sé

- soláthróirí AO le cláir as a leanfaidh dámhachtainí QQI;
- soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí bonnlíne réamh-AO de chuid QQI do mhic léinn idirnáisiúnta, agus dámhachtainí QQI a mhúineann Béarla mar dhara teanga nó teanga eile (TESOL);
- soláthraithe nasctha maidir le soláthar a dhéantar trí fhorais cháiliúcháin ainmnith , mura n-ainmnítear iad mar fhorais atá díolmhaithe in Acht 2012 arna leasú
- forais cháiliúcháin liostaithe agus na soláthraithe comhlachaithe;
- Soláthraithe Oideachas Mhúineadh an Bhéarla a fhaigheann údarú chun an IEM a úsáid

Tá na hinstitiúidí seo a leanas díolmhaithe ón scéim reachtúil PEL:

- ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo;
- ollscoileanna teicneolaíochta;
- institiúidí teicneolaíochta;
- an Foras Riaracháin, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Oideachais Marino, agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

11 Is díol suntais é go bhfuil socruithe comhthreomhara i bhfeidhm do sholáthraithe a fhaigheann maoiniú poiblí, atá faoi réir raon riachtanas rialachais chorparáidigh mar institiúidí neamhspleácha uathrialacha, lena n-áirítear ceanglais faoina reachtaíocht féin, agus Creat Maoirseachta Rialachais an Údaráis um Ard-Oideachas: Higher Education Authority Governance Oversight Framework - Higher Education Institutions (hea.ie).

Beidh rannpháirtíocht sa scéim um chosaint reachtúil d'fhoghlaimeoirí rollaithe (PEL), lena n-áirítear íoc isteach sa Chiste Cosanta d'Fhoghlaimeoirí, ina cheanglas ar gach soláthraí neamhspleách/príobháideach a údarófar chun an IEM a úsáid. Cinnteoidh an scéim go mbeidh gach foghlaimeoir a thosaíonn ar chlár, nó a rollaíonn ar chlár, as a leanann dámhachtain QQI, nó atá á sheachadadh ag soláthraí atá údaraithe chun an IEM a úsáid, in ann a gclár a chríochnú nuair a scoirfidh an soláthraí a roghnaíonn siad de thrádáil a dhéanamh nó den chlár a sholáthar. I gcúinsí nuair nach féidir críochnú an chláir a éascú d'fhoghlaimeoirí, gheobhaidh na foghlaimeoirí sin aisíocaíocht ar na táillí is déanaí a d'íoc siad i leith an chláir sin.

Is díol suntais é go bhfuil socruithe reachtúla PEL i bhfeidhm cheana féin ag soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha áirithe. Tá an rogha ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta foráil a dhéanamh do leanúnachas na socruithe reachtúla PEL atá ann cheana féin ar feadh uastréimhse trí bliana ó thosach feidhme alt 29 d'Acht 2012 arna leasú.

### 2.4.3 OIBLEAGÁIDÍ REACHTÚLA EILE

Lasmuigh den tsraith nua beart um chosaint foghlaimeoirí a reachtaíodh in 2019, tá oibleagáidí ar sholáthraithe faoi láthair a mbeidh tionchar acu ar chinntí QQI maidir le húsáid an IEM a údarú. Áirítear orthu sin, mar shampla, an oibleagáid atá ar sholáthraithe faisnéis a thabhairtar a gcláir agus ar a ndámhachtainí d'fhoghlaimeoirí cláraith .[12] Ina theannta sin, tá sé de dhualgas ar na forais cháiliúcháin ainmnithe (DABanna) foráil a dhéanamh maidir le cuimsiú reachtúil a gcuid dámhachtainí laistigh den CNC, de réir prótacail comh-earnála a comhaontaíodh le QQI.[13] Is amhlaidh freisin go bhfuil sé d'oibleagáid ar QQI bunachar sonraí a choinneáil de chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, de na dámhachtainí féin, agus de chláir ar bith eile is cuí le QQI, amhail cláir ELE.[14] Beidh faisnéis sa bhunachar sonraí freisin ar cibé an bhfuil soláthraí ar leith údaraithe chun an IEM a úsáid, agus beidh comhar na soláthraithe agus na bhforas cáiliúcháin chun sonraí a chur ann ina chuid lárnach de phróiseas cur chun feidhme an IEM. Tá sé i gceist go mbeidh an bunachar sonraí, Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ),[15] ina fhoinse faisnéise údarásach ar chláir as a dtiocfaidh dámhachtainí a chuimsítear sa CNC, na dámhachtainí sin agus cláir eile a thairgeann soláthraithe údaraithe IEM. Mar sin, tacóidh an IRQ le beartas agus straitéis náisiúnta ar oideachas idirnáisiúnta, agus inimirce (féach ranna 2.5 agus 2.6 thíos).

## 2.5 BEARTAS UM OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

Gabhann an IEM, mar a fhoráiltear in Acht 2012 arna leasú, air féin cuspóirí beartais an 'Marc Cáilíochta' a ndearnadh tagairt dóibh i mbeartas poiblí ar oideachas idirnáisiúnta roimh bhunú QQI in 2012 agus ina dhiaidh sin.16 Aithníodh i straitéisí náisiúnta i ndiaidh a chéile dhá straitéis ar leith sna cuspóirí beartais seo. Baineann an chéad cheann, a léirítear i gcuid 2.3 thuas, le cáilíocht. Go sonrach, is éard a bhí sna cuspóirí, agus atá fós, an aidhm cáilíocht an oideachais a chur i gcroílár idirnáisiúnú chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann, agus a chinntiú go ndéantar cáilíocht an eispéiris foghlama a chothabháil agus a fheabhsú do gach foghlaimeoir trí chur chuige iomlánaíoch i leith an idirnáisiúnaithe.[17]

12 Acht 2012 arna leasú Achtanna Leasaithe (lawreform.ie).
13 Acht 2012 arna leasú Revised Acts (lawreform.ie): s. 55B; Joint Sectoral Protocol, July 2022 Prótacal comh-earnála DABs.pdf (qqi.ie)
14 Acht 2012 arna leasú Achtanna Leasaithe (lawreform.ie).
15 Clár Cáilíochtaí na hÉireann (irq.ie)
16 *Investing in Global Relationships. Ireland's International education Strategy 2010-15* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2010), lgh. 14-16, 18, 35-36, 40, 44-46, 49, 53-54, 57, 59-60, 69, 79; *Irish Educated. Globally Connected,* pp 2942; Global Citizens 2030, lgh. 16-17, 44.
17 *Investing in Global Relationships,* pp 44-48; *Irish Educated. Globally Connected,* pp 23-25; Global Citizens 2030, pp. 32-33, 44.

Baineann an dara sraith, atá gaolmhar leis, le rialáil, agus le haitheantas do 'riachtanas' chun 'timpeallacht láidir rialála' a chothabháil chun cáilíocht fhoriomlán eispéireas an mhic léinn idirnáisiúnta a chosaint agus a fheabhsú. Síneann an riachtanas rialála seo chuig nósanna imeachta inimirce mac léinn (féach cuid 2.6 thíos), agus na ceanglais rialála do sholáthraithe a earcaíonn mic léinn idirnáisiúnta. Is iad na cuspóirí beartais anseo leasanna foghlaimeoirí a chosaint, inbhuanaitheacht thairiscint oideachais idirnáisiúnta na hÉireann a chinntiú agus clú idirnáisiúnta na hÉireann a chosaint.[18]

Tá na cuspóirí beartais seo mar bhonn agus taca leis na forálacha reachtúla do na socruithe nua maidir le dícheall cuí agus PEL agus an gaol atá acu leis an IEM. Agus iad á gcur chun feidhme, tá QQI meáite ar oibriú i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir, bunaithe ar a dtiomantas comhroinnte do leasanna na bhfoghlaimeoirí, agus do cháil na hÉireann mar cheann scríbe roghnaithe d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta a fheabhsú. Ní féidir le Q

freastal ar leasanna na bhfoghlaimeoirí ach i gcomhar leis na foghlaimeoirí iad féin, soláthraithe oideachais agus oiliúna, ranna rialtais agus a ngníomhaireachtaí, agus gach duine de dhea-mhéin atá ag iarraidh cabhrú le foghlaimeoirí a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus cur le sochaí agus geilleagar na hÉireann, trí dheiseanna foghlama sábháilte, eispéiris foghlama dearfacha agus cláir agus cáilíochtaí iontaofa a sholáthar dóibh. D'fhéadfadh tabhairt isteach an IEM dearcthaí faoin oideachas idirnáisiúnta in Éirinn a athrú ó bhonn agus cabhrú le fís a fhíorú ina ndéanfar an tír 'a aithint go hidirnáisiúnta as saoránaigh dhomhanda a fhorbairt trínár gcóras oideachais idirnáisiúnaithe agus inar ceannaire margaidh é ó thaobh mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh.'[19]

## 2.6 BEARTAS INIMIRCE

In 2015, thug Rialtas na hÉireann sraith leasuithe isteach ar an gcóras inimirce mac léinn don oideachas idirnáisiúnta chun tacú le straitéis oideachais idirnáisiúnta an stáit agus chun díriú ar mhí-úsáidí an réimis inimirce agus an mhargaidh saothair a sainaithníodh ag an am sin.[20] Áiríodh leis na leasuithe sin bunú Liosta Eatramhach na gClár Incháilithe (ILEP). Is pointe tagartha é an liosta go príomha do Sheachadadh Seirbhíse Inimirce (ISD) na Roinne Dlí agus Cirt agus ó thaobh víosaí staidéir agus/nó ceadanna inimirce d'fhoghlaimeoirí neamh-AE/LEE/na hEilvéise ar mian leo staidéar a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha a bhreithniú. Tá sé teoranta do chláir agus do sholáthraithe a chomhlíonann critéir shonraithe áirithe.[21] Roinntear na cláir ina gcúig chatagóir:

- Cláir as a leanann dámhachtainí neamh-mhóra atá cuimsithe laistigh den CNC
- Dámhachtainí gairmiúla
- Cláir Oideachais sa Bhéarla
- Bonnchláir

18 *Investing in Global Relationships*, pp 48-49; *Irish Educated. Globally Connected*, pp 28-29; Global Citizens 2030, pp. 32-33, 44. Féach, leis, Ráiteas Beartais an Rialtais (Bealtaine 2015) ar an 'Reform of the International education Sector and Student Immigration System', ar fáil ag: 6794897b14064e08bae9a9068a849075.pdf (assets.gov.ie)

19 *Irish Educated. Globally Connected. An International Education Strategy for Ireland, 2016-2020* (Department of Education and Skills), lch. 7.

20 Government Policy Statement (May 2015) on the 'Reform of the International Education Sector and Student Immigration System', available at: 6794897b14064e08bae9a9068a849075.pdf (assets.gov.ie)

21 Gheofar na critéir ag: Interim List of Eligible Programmes (ILEP) - Immigration Service Delivery (irishimmigration.ie)

Is beart eatramhach é an ILEP go dtí go dtabharfar isteach an IEM. Nuair a bheidh an IEM curtha i bhfeidhm go hiomlán, beidh ar institiúidí údarú a fháil chun an IEM a úsáid chun a bheith incháilithe chun foghlaimeoirí nach ón AE/LEE/na hEilvéise a earcú. Cuirfear socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm chun tacú le soláthraithe an t-athrú seo a bhainistiú. Táthar ag súil go gcomhoibreoidh gach soláthraí a lorgaíonn údarú chun an IEM a úsáid leis an Roinn Dlí agus Cirt chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí inimirce i measc foghlaimeoirí (féach freisin cuid 3.3 thíos).

# 3 AN BONN REACHTACH LEIS AN IEM

## 3.1 FORÁLACHA REACHTÚLA

Bunaíonn Acht 2012 arna leasú (Cuid 5 ailt 60-63) bonn reachtúil don IEM. Go sonrach, ceanglaíonn an tAcht ar QQI:

- **cód cleachtais a fhoilsiú agus a bhunú** a bheidh le comhlíonadh ag soláthraithe[22] clár oideachais agus oiliúna do:
- foghlaimeoirí idirnáisiúnta sa stát atá cláraithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh de Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí[23];
- foghlaimeoirí idirnáisiúnta sa stát atá cláraithe ar chláir oideachais sa Bhéarla;
- foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá cláraithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear sa CNC.[24]
- **marc oideachais idirnáisiúnta a shonrú** lena léiriú go bhfuil an cód cleachtais á chomhlíonadh ag soláthraí;
- úsáid an mhairc oideachais idirnáisiúnta a **údarú** do sholáthraí a chomhlíonann an cód cleachtais;
- **athbhreithniú** a dhéanamh ar chomhlíonadh an chóid cleachtais ag soláthraí agus ar úsáid an mhairc oideachais idirnáisiúnta;
- **údarú a tharraingt siar** i gcás ina mainníonn soláthraí an cód cleachtais nó na coinníollacha a ghabhann leis an údarú a chomhlíonadh.

## 3.2 CEANGLAIS REACHTÚLA MAIDIR LE HÚDARÚ IEM

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gach soláthraíonn a dhéanann iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid

- nósanna imeachta DC a bheith bunaithe acu faoi Alt 28 d'Acht 2012 arna leasú;

agus

- nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú a bheith bunaithe faoi Alt 56 d'Acht 2012 arna leasú.

I gcás ina ndéanann soláthraí nasctha an Cód AO a agairt chun críche iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní mór go mbeadh a nósanna imeachta DC ceadaithe ag an bhforas

22 Maidir leis na catagóirí soláthraithe incháilithe a fhéadfaidh údarú a lorg ch  n an IEM a úsáid, féach cuid 4 thíos.

23 Is iad QQI, soláthraithe AO a bhfuil údarás tarmligthe acu dámhachtainí a dhéanamh, forais cháiliúcháin eile dá dtagraítear mar fhorais cháiliúcháin ainmnithe (ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, Coláiste R oga na Máinlianna in Éirinn, agus institiúidí teicneolaíochta); nó foras cáiliúcháin liostaithe a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a dhámhachtainí féin a dhéanann dámhachtainí arna gcuimsiú laistigh den CNC.

24 Eisiatar forais cháiliúcháin liostaithe ó údarú a lorg chun an IEM a úsáid chun críocha cláir a thairiscint d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den stát as a leanann dámhachtainí arna gcuimsiú laistigh den CNC.

cáiliúcháin ainmnithe ábhartha, agus iad foilsithe agus curtha i bhfeidhm ag an soláthraí nasctha, faoi alt 33 d'Acht 2012 arna leasú. Ní ceanglas é chun an Cód AO a chomhlíonadh nó údarú IEM a fháil athbhreithniú ar éifeachtacht nósanna imeachta DC an tsoláthraí nasctha a bheith curtha i gcrích ag an bhforas cáiliúcháin ábhartha sula ndéanann soláthraí nasctha iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid.

Féadfaidh oláthraí iarratas a dhéanamh chuig QQI ar údarú chun an IEM a úsáid:

- más amhlaidh go leanann dámhachtain amháin nó níos mó arna gcuimsiú laistigh den CNC gach clár a thairgeann an soláthraí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnt
- maidir le gach clár a thairgeann an soláthraí as a leanann dámhachtain atá cuimsithe laistigh den CNC.
- maidir le cláir oideachais sa Bhéarla.

*Fíor 2: Foramharc ar cheanglais reachtúla do sholáthraíthe a lorgaíonn údarú chun an IEM a úsáid*

| **Forais cháiliúcháin reachtúla agus soláthraithe AO eile atá díolmhaithe ó dhícheall cuí agus ó cheanglais PEL** | **Soláthraithe AO (Neamhspleách/Príobháideach)** | **Soláthraithe ELE** |
|---|---|---|
| • Nósanna imeachta DC bunaithe | • Nósanna imeachta DC bunaithe | • Comhlíonadh na dtreoirlínte DC nua do sholáthraithe ELE, agus socruithe rochtana, aistrithe agus forchéimnithe |
| • Socruithe bunaithe um rochtain, aistriú agus forchéimniú | • Socruithe bunaithe um rochtain, aistriú agus forchéimniú | |
| • Cláir/dámhachtainí san áireamh laistigh den CNC faoin bPrótacal Comh-earnála | • Cláir/dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC faoi shocruithe do chláir atá bailíochtaithe ag QQI, soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu chun dámhachtainí a dhéanamh, agus LABanna | |
| • Comhlíonadh Chód Cleachtais AO | • Comhlíonadh Chód Cleachtais AO | • Comhlíonadh Chód Cleachtais ELE |
| | • Ceanglais dícheall chuí comhlíonta[25] | • Ceanglais dícheall chuí comhlíonta |
| | • Rannpháirtíocht sa scéim náisiúnta um chosaint foghlaimeoirí cláraithe (PEL) ag an am ceaptha | • Rannpháirtíocht sa scéim náisiúnta um chosaint foghlaimeoirí cláraithe ag an am ceaptha |
| • Uaslódáil bhliantúil clár/ dámhachtainí chuig IRQ | • Uaslódáil bhliantúil clár/ dámhachtainí chuig IRQ | • Uaslódáil bhliantúil na gclár chuig IRQ |

25 Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid AO ag soláthraí sonraithe AO, féadfaidh QQI, dá rogha féin, iarraidh ar sholáthraí sonraithe AO a léiriú do QQI go gcomhlíonann sé na critéir atá sonraithe faoi rialacháin an Aire (alt 29A(1) d'Acht 2012 arna leasú).

## 3.3 COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE hÚDARÚ IEM

Tá údarú soláthraithe chun an IEM a úsáid faoi réir

- áit ghnó a bheith acu sa stát;
- comhoibriú le QQI agus cúnamh a thabhairt dóibh i gcomhlíonadh a fheidhmeanna i ndáil le feidhmiú an chóid chleachtais agus an IEM;
- an fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón QQI chun na feidhmeanna seo chomhlíonadh a sholáthar dó;
- a gcomhoibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt chun monatóireacht a dhéanamh ar cibé an gcomhlíonann foghlaimeoirí le dlí inimirce.

Féadfaidh QQI freisin aon choinníollacha eile is cuí leis a fhorchur maidir le haon údarú do sholáthraí leis an IEM a úsáid, lena n-áirítear coinníollacha sonracha do sholáthraí aonair nó d'aicmí soláthraithe.[26]

## 3.4 SAINMHÍNIÚ AR FHOGHLAIMEOIR IDIRNÁISIÚNTA

Sainmhíníonn alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú foghlaimeoir idirnáisiúnta 'mar dhuine nach saoránach Éireannach é ach atá go dleathach sa stát chun oideachas agus oiliúint a fháil . Maidir le cóid chleachtais a bhunú chun gur féidir le QQI soláthraithe a údarú chun an marc oideachais idirnáisiúnta a úsáid, sainmhínítear tuilleadh le halt 60(1) den Acht céanna foghlaimeoir idirnáisiúnta mar dhuine:

- atá sa stát cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC;

nó

- atá sa stát cláraithe ar chlár oideachais sa Bhéarla;

nó

- ar foghlaimeoir lasmuigh den stát é atá cláraithe ar chlár as a leanann dámhachtain a chuimsítear laistigh den CNC.

### 3.4.1 FOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN ARDOIDEACHAIS

Ar mhaithe leis an gCód AO seo agus ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe AO an IEM a úsáid, áirítear na catagóirí foghlaimeoirí seo a leanas sna sainmhínithe seo:

- Foghlaimeoirí de chuid an AE/LEE/na hEilvéise sa stát atá ag tabhairt faoi chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad a chuimsítear sa CNC;
- Foghlaimeoirí sa stát nach foghlaimeoirí de chuid AE/LEE/na hEilvéise iad ata atá ag tabhairt faoi chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad a chuimsítear sa CNC;

26 Acht 2012 arna leasú Achtanna Leasaithe (lawreform.ie).

- foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá cláraithe ar chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad atá cuimsithe laistigh den CNC, cibé acu an dtairgtear iad i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais agus/nó trí mhodhanna cianfhoghlama atá go hiomlán ar líne.

Ar mhaithe leis an gCód AO seo a bhunú agus ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe AO an IEM a úsáid, ní áirítear na catagóirí foghlaimeoirí seo a leanas sna sainmhínithe seo:

- Foghlaimeoirí malartaithe Erasmus;[27]
- foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir staidéir thar lear nach leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den NFQ astu;[28]
- foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir forbartha gairmiúla leanúnaí, agus ar chláir oiliúna gairmiúla eile, nach leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC iad.

Chomh maith leis na catagóirí thuas, ní áirítear sa sainmhíniú ar fhoghlaimeoir idirnáisiúnta saoránaigh na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann atá ag gabháil do chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad a chuimsítear laistigh den CNC. Faoin gcomhaontú um Chomhlimistéar Taistil idir rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, ceadaítear do shaoránaigh Éireannacha agus Briotanacha rochtain a fháil ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, agus ar thacaíocht ghaolmhar do mhic léinn, i stát a chéile, ar théarmaí nach lú fabhar ná na téarmaí atá ag saoránaigh an stáit sin.[29]

### 3.4.2 FOGHAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA I GCLÁIR OIDEACHAIS SA BHÉARLA

Ar mhaithe leis an gCód ELE seo a bhunú mar aon le ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe ELE an IEM a úsáid, áirítear gach catagóir d’fhoghlaimeoirí idirnáisiunta atá cláraithe ar chláir ELE, lena n-áirítear:

- foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar chláir bhonnbhliana agus ar chláir oiliúna múinteoirí a mhaireann 12+ seachtain;
- foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar bhonnchláir agus ar chláir oiliúna múinteoirí a mhaireann níos lú ná 12 sheachtain;
- foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha atá cláraithe ar chláir ELE, ar bhonnchláir agus ar chláir oiliúna múinteoirí d’aon fhad
- Ní chuimsíonn na sainmhínithe ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta thuas saoránaigh na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, faoin gcomhaontú um Chomhlimistéar Taistil idir rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, mar atá thuas in 3.4.1.

27 Ceanglaítear ar sholáthraithe AO Éireannacha atá rannpháirteach sa mhórchlár malartaithe Eorpach, Erasmus+, creidiúnú a bhaint amach faoi Chairt Erasmus don Ardoideachas (ECHE), a ndéanann an tÚdarás um Ard-Oideachas monatóireacht air. Spreagann an ECHE sármhaitheas i mbeartais idirnáisiúnaithe ollscoileanna Eorpacha agus cur i gcrích go nithiúil a ngníomhaíochtaí soghluaisteachta. Ar an ECHE go ginearálta, féach Cairt Erasmus don Ardoideachas | Erasmus+ (europa.eu).

28 Ar mhaithe leis an gCód AO seo a bhunú agus ról QQI maidir le húdarú a thabhairt do sholáthraithe AO an IEM a úsáid, ní áirítear sna sainmhínithe seo foghlaimeoirí atá ar aon chineál staidéir thar lear, mic léinn ar chlár cuartaíochta nó malartaithe nach leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC astu.

29 *Meabhrán Tuisceana idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gComhlimistéar Taistil agus na cearta agus na pribhléidí cómhalartacha gaolmhara:* Meabhrán-Tuisceana-Ire- version.pdf (dfa.ie).

# 4 BEARTAS AR ÚDARÚ CHUN AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA A ÚSÁID

## 4.1 SOLÁTHRAITHE ÁBHARTHA AGUS SOLÁTHRAITHE NASCTHA

Tá soláthraithe ar soláthraithe ábhartha nó nasctha iad, faoi Acht 2012 arna leasú, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an IEM. Sainmhínítear soláthraithe ábhartha in alt 2(1) d'Acht 2012 arna leasú agus cuimsíonn siad:

- ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo
- ollscoileanna teicneolaíochta
- institiúidí teicneolaíochta
- Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
- soláthraithe a ndéanann QQI bailíochtú ar a gcuid clár
- soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh
- forais cháiliúcháin liostaithe[30] a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a ndámhachtainí féin ar dámhachtainí iad atá san áireamh laistigh den CNC.

Sainmhínitear an rud is soláthraí nasctha ann faoi alt 2(3) d'Acht 2012 arna leasú. Is soláthraí nasctha é soláthraí a bhfuil áit ghnó aige sa stát agus nach foras cáiliúcháin ainmnithe é ach go ndéanann sé socrú le foras cáiliúcháin ainmnithe, faoina soláthraíonn sé clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn na réamhriachtanais go léir nó cuid de na réamhriachtanais do dhámhachtain de chuid an fhorais cháiliúcháin ainmnith .

## 4.2 SOLÁTHRAITHE CHLÁIR OIDEACHAIS SA BHÉARLA (ELE)

Foráiltear in alt 61(6) d'Acht 2012 arna leasú d'aicme bhreise soláthraithe a bhféadfar caitheamh leo mar sholáthraithe ábhartha ar mhaithe le húdarú a fháil leis an IEM a úsáid agus chuige sin amháin. Cuimsítear sa rang seo soláthraithe clár oideachais sa Bhéarla nach gcuireann cláir ar fáil go hiondúil as a leanann dámhachtainí ar dámhachtainí iad atá cuimsithe laistigh den CNC.

Ceanglófar ar sholáthraithe ELE a bheith ina soláthraithe ábhartha chun críocha rochtain a fháil ar an IEM agus ní mór dóibh nósanna imeachta DC a bhunú (faoi alt 28 d'Acht 2012 arna leasú), agus nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú, agus forchéimniú (faoi alt 56 d'Acht 2012 arna leasú).

Beifear ag súil go sásóidh soláthraithe ELE a bhunaíonn caidreamh DC le QQI chun críche údarú chun IEM a úsáid, ceanglais a bhaineann le cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú atá inchomparáide leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le haon soláthraí ábhartha nó nasctha eile atá údaraithe chun an IEM a úsáid, mar atá leagtha amach in ailt 30-31 agus 34-36 d'Acht 2012 arna leasú.

30 Cuireann Acht 2012 arna leasú ar chumas QQI catagóir nua d'fhorais chá liúcháin a bhunú, ar a dtugtar 'forais cháiliúcháin liostaithe', a fhéadfaidh, ar bhonn deonach, rochtain rialaithe a fháil ar an CNC dá ndámhachtainí.   achaidh cuimsiú foirmiúil dámhachtainí den sórt sin laistigh den CNC chun tairbhe na bhfoghlaimeoirí a bhfuil na dámhachtainí seo acu, agus déanfar tuilleadh forbartha ar an CNC mar mheicníocht aitheantais do ghnóthachtálacha a bhaineann le foghlaim agus chun aitheantas do cháilíochtaí a fheabhsú. Is féidir go n-áireofar ar fhorais cháiliúcháin liostaithe forais ghairmiúla i réimsí amhail an dlí agus an chuntasaíocht; forais cháiliúcháin RA a eisíonn cáilíochtaí gairmiúla agus teicniúla; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó forais earnála a bhronnann cáilíochtaí a bhaineann le tionscail, teicneolaíochtaí nó gairmeacha sonracha

# 5 NA CÓID CHLEACHTAIS CHUN CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIUNA A SHOLATHAR D'FHOGHLAIMEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA

## 5.1 BONN REACHTÚIL NA GCÓD CLEACHTAIS

Ceanglaítear le hAlt 60 d'Acht 2012 arna leasú ar QQI cód cleachtais a bhunú agus a fhoilsiú a bheidh le comhlíonadh - chun críocha údarú a fháil ó QQI chun an IEM a úsáid - ag soláthraithe clár oideachais agus oiliúna do chatagóirí áirithe foghlaimeoirí idirnáisiúnta (féach ailt 3.1 agus 3.4 thuas).

Foráiltear in alt 60 freisin i gcás QQI

- gur féidir leis cóid chleachtais dhifriúla a bhunú agus a fhoilsiú do sholáthraithe ábhartha nó nasctha éagsúla, nó do ghrúpaí soláthraithe ábhartha nó nasctha;[31]
- go bhféadfaidh sé cóid chleachtais dhifriúla a fhoilsiú le haghaidh aicmí éagsúla clár nó cineálacha éagsúla soláthair;
- go bhfoilseoidh sé an cód cleachtais i cibé modh agus foirm is cuí leis;
- go bhféadfaidh sé cód arna bhunú faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm, ag sonrú an dáta a dtiocfaidh an cód cleachtais i bhfeidhm.

Bunóidh agus foilseoidh QQI dhá chód cleachtais maidir le soláthraithe de chineálacha éagsúla clár: ceann amháin do sholáthraithe clár AO (Cód AO) agus ceann do sholáthróirí clár ELE (Cód ELE). Tá an cur chuige seo bunaithe ar an idirdhealú a dhéantar in Alt 60 d'Acht 2012 arna leasú idir cláir as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC agus cláir sa Bhéarla. Tá sé bunaithe freisin ar chritéir inimirce bhunaithe maidir le hincháilitheacht clár agus soláthraithe áirithe chun glacadh le foghlaimeoirí neamh-AE/LEE/Eilvéiseacha ar mian leo staidéar a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha in Éirinn.[32]

## 5.2 CEANGLAIS SHONRACHA SNA CÓID CHLEACHTAIS

Ceanglaítear le hAlt 60(6) d'Acht 2012 arna leasú go sonrófar sa chód/sna cóid chleachtais ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint;
- bailiú táillí ó fhoghlaimeoirí cláraithe
- comhlíonadh cánach na soláthraithe;
- beartais agus nósanna imeachta soláthraithe maidir le bainistiú acmhainní daonna.

31 Féach Cuid 4 thuas le haghaidh na soláthraithe atá incháilithe chun údarú a lorg chun an IEM a úsáid.

32 Féach Roinn 2.2 agus 2.6 thuas.

Is é cur chuige beartais QQI díriú ar na ceanglais seo:

- trí chritéir áirithe a chuimsítear sna Cóid AO agus ELE;
- i rialacháin shonracha faoi alt 29B(1) d'Acht 2012 arna leasú - is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a chinneann na rialacháin sin, agus déanfaidh QQI measúnú uirthi i measúnú díchill chuí a bheidh mar chuid den phróiseas iarratais IEM nó, de réir mar is cuí, i gcomhthéacs caidreamh reachtúil eile le soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha;
- sa scéim reachtúil chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint - beidh rannpháirtíocht sa dara ceann ina cheangal do gach soláthróir neamhspleách/príobháideach, maidir le soláthar AO agus ELE araon, a fhaigheann údarú chun an IEM a úsáid

## 5.3 CÓID CHLEACHTAIS AO AGUS ELE

### 5.3.1 CUSPÓIRÍ BEARTAIS: NA TIMPEALLEACHTAÍ DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA AGUS RIALÁLA

Mar atá leagtha amach i gcuid 2 thuas, beidh an IEM agus na cóid chleachtais ghaolmhara bunaithe ar phríomhchuspóirí beartais náisiúnta a bhaineann le DC agus an timpeallacht rialála. Is iad na cuspóirí seo:

- cáilíocht a chur i gcroílár idirnáisiúnú chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann;
- a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeabhsaítear cáilíocht an eispéiris foghlama do gach foghlaimeoir trí chur chuige iomlánaíoch i leith an idirnáisiúnaithe;
- leasanna foghlaimeoirí a chosaint;
- inbhuanaitheacht thairiscint oideachais idirnáisiúnta na hÉireann a chinntiú;
- dea-cháil na hÉireann go hidirnáisiúnta a chumhdach.

Díreofar orthu seo trí mheascán de shocruithe reachtúla DC (cuid 2.3 thuas); an measúnú díchill chuí do sholáthraithe neamhspleácha/príobháideacha (cuid 2.4.1 thuas); an scéim reachtúil chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint agus an ciste cosanta d'fhoghlaimeoirí (alt 2.4.2 thuas); na ceanglais reachtúla agus na coinníollacha ginearálta maidir le húdarú IEM (roinn 3.2 agus 3.3 thuas); agus trí na prionsabail agus na critéir atá leagtha amach sna Cóid AO agus ELE. Bhain QQI leas as cleachtas éifeachtach idirnáisiúnta, chomh maith le cleachtas éifeachtach náisiúnta, agus prionsabail agus critéir na gCód AO agus ELE faoi seach á n-ullmhú.[33]

33 I measc na bpríomh-thagarmharcanna idirnáisiúnta tá, inter alia, an National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018 de chuid Rialtas na hAstráile: National Code of Practice for Providers of Education and Training to Overseas Students 2018 (internationaleducation.gov.au)); the New Zealand Qualification Authority's The Education (Pastoral Care of Tertiary and International Learners) Code of Practice 2021: NZQA_Pastoral-Care-Code-of-Practice_English.pdf; the Quality Assurance Agency for Higher Education's (UK), Supporting and Enhancing the Experience of International Students in the UK (2023): Supporting and Enhancing the Experience of International Students in the UK: A Guide for UK Higher Education Providers (qaa.ac.uk); the UK Council of for International Student Affairs' (UKCISA) Code of practice for members 2021 Code of practice.pdf (ukcisa.org.uk); The National Code of Ethical Practice for UK Education Agents 2021: National-Code-of-Ethical-Practice-for-UK-Education-Agents-FINAL-Flag-version-2.pdf (buila.ac.uk); Evaluation and Accreditation of Quality Language Services (Eaquals) Excellence in Language Education - Eaquals; Accreditation UK (British Council in partnership with English UK): Accreditation UK handbook

### 5.3.2 CÓD CLEACHTAIS AO

Tá sé mar aidhm ag an gCód AO cur leis na *Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI d'úsáid na soláthraithe uile.*[34] Go sonrach, bunaítear leis sé sraith prionsabal agus critéar a éilíonn comhlíonadh ó sholáthraithe ardoideachais sna réimsí seo a leanas:

- próisis mhargaíochta agus earcaíochta eiticiúla agus trédhearcacha (lena n-áirítear ról gníomhairí);
- próisis iontrála atá cothrom agus trédhearcach, lena n-áirítear nósanna imeachta chun cáilíochtaí a aithint go cothrom, a thacaíonn le rannpháirtíocht rathúil foghlaimeoirí idirnáisiúnta ina gcuid clár roghnaithe;
- faisnéis chruinn shoiléir a sholáthar ar chostais staidéir agus chothaithe;
- tacaíochtaí acadúla agus seirbhísí eile d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta
- tacaí comhleanúnacha Béarla a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta nach é an Béarla a gcéad teanga;
- cláir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den stát, a thairgtear i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais agus/nó trí mhodhanna cianfhoghlama atá go hiomlán ar lín .

### 5.3.3 CÓD CLEACHTAIS ELE

Bunaítear leis an gCód ELE, in éineacht le treoirlínte reachtúla nua DC do sholáthraithe ELE, próiseas foirmiúil DC don earnáil ELE in Éirinn atá ag luí le príomhthreoirlínte reachtúla DC QQI, agus a thacaíonn le hailíniú na gclár ELE leis an gCreat Comhchoiteanna Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR). Bunaítear leis an gCód ELE sraith prionsabal agus critéar a éilíonn comhlíonadh ó sholáthraithe ELE sna réimsí seo a leanas:

- ceanglais maidir le foirgnimh;
- bainistiú oibríochta, riosca agus acmhainní daonna;
- dearadh cláir;
- tacaíochtaí agus seirbhísí d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta
- próisis mhargaíochta agus earcaíochta eiticiúla agus trédhearcacha (lena n-áirítear ról gníomhairí);
- rollú, táillí, aisíocaíochtaí agus comhthabháil.

## 5.4 COMHLÍONADH NA GCÓD CLEACHTAS

Cinnfidh QQI iarratas ó sholáthraí incháilithe a lorgaíonn údarú chun an IEM a úsáid trí mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid AO nó an Chóid ELE ag an soláthraí ó thaobh cláir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Ní mór do gach soláthraí a dhéanann iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid cloí le ceann amháin nó eile de na cóid chleachtais.

34 qq-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf (qqi.ie). Gheofar sraith iomlán threoirlínte DC QQI ag: Treoirlínte maidir le dearbhú cáilíochtaí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (qqi.ie).

Maidir le soláthraithe ELE a dhéanann iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid, déanfaidh QQI measúnú freisin, in éineacht leis an measúnú ar chomhlíonadh an chóid, ar oiriúnacht a nósanna imeachta DC ag tagairt do na *Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla*.

I gcás inarb infheidhm , mar chuid dá n-iarratas ar údarú IEM, déanfaidh QQI measúnú freisin ar chomhlíonadh soláthraithe áirithe faoi na rialacháin aireachta arna mbunú faoi alt 29(B) (1) d'Acht 2012 arna leasú (féach ailt 2.4.1 agus 5.2 thuas).

## 5.5 SOLÁTHAR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ARNA gCLÚDACH AG NA CÓID CHLEACHTAIS

Beifear ag súil go gcuirfidh soláthraithe O agus soláthraithe ELE atá údaraithe chun an IEM a úsáid a gcód cleachtais faoi seach i bhfeidhm ar na catagóirí ábhartha foghlaimeoirí idirnáisiúnta agus ar na catagóirí clár a shainítear i gcuid 3.4 thuas. I gcás soláthraithe AO áirithe, áireofar anseo foghlaimeoirí lasmuigh den stát atá cláraithe ar chláir as a leanann mórdhámhachtainí nó dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad atá cuimsithe laistigh den CNC, cibé acu an dtairgtear iad i suíomhanna trasnáisiúnta oideachais agus/nó trí mhodhanna cianfhoghlama atá go hiomlán ar líne.

Is díol suntais é go dtairgeann soláthraithe áirithe cláir ELE agus cláir AO araon. I gcásanna den sórt sin, is gnách go n-aithníonn an soláthraí é féin mar sholáthraí ELE nó soláthraí AO go príomha bunaithe ar ghnéithe mar líon na bhfoghlaimeoirí atá cláraithe ar a chláir ELE agus AO agus/nó líon na gclár a chatagóirítear mar chláir ELE nó AO.

Chun críocha údarú tosaigh IEM, beidh ar sholáthróirí neamhspleácha/príobháideacha a dheimhniú cé acu an soláthraí ELE nó soláthraí AO go príomha iad, agus na cúinsi seo a leanas á gcur san áireamh: líon iomlán na bhfoghlaimeoirí atá cláraithe ar a gcláir ELE agus AO, an líon foghlaimeoirí idirnáisiúnta atá cláraithe ar a gcláir ELE agus HE, athrú foirne i gcás gach catagóire soláthair oideachais (nuair is infheidhme) agus fachtóirí ábhartha eil .[35]

Déanfaidh soláthraí ar oideachas sa Bhéarla a phríomhghnó iarratas ar an IEM tríd an gcosán ELE, agus ba cheart do sholáthraí ar soláthraí AO é go príomha iarratas a dhéanamh ar an IEM tríd an gcosán AO. Forchoimeádann QQI an ceart scrúdú a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhaineann leis an gcosán IEM sonraithe a roghnú.

Sa chás go bhfuil soláthraí neamhspleách/príobháideach údaraithe chun an IEM a úsáid tríd an gcosán ELE, ach go gcuireann sé roinnt clár AO ar fáil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta freisin, tá QQI ag súil go gcloífidh an soláthraí leis an gCód Cleachtais O maidir leis na foghlaimeoirí sin. Tar éis údarú tosaigh faoin mbealach ELE, socróidh QQI athbhreithniú forlíontach ar chomhlíonadh an Chóid AO ar bhonn agus de réir amlíne a chomhaontófar leis an soláthraí.

35 Ba cheart de ghnáth figiúiri/sonraí ábhartha maidir leis na trí bhliain roimh sin a bhreithniú don mhéid thuas.

I gcás ina bhfuil soláthraí neamhspleách/príobháideach údaraithe chun an IEM a úsáid tríd an gconair AO, ach go gcuireann sé roinnt clár ELE ar fáil dfhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, tá QQI ag súil go roghnóidh an soláthraí sin an Cód Cleachtais ELE agus na Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachas sa Bhéarla maidir leis na foghlaimeoirí sin. Tar éis údarú tosaigh faoin mbealach AO, socróidh QQI athbhreithniú forlíontach ar chomhlíonadh an Chóid ELE agus na dTreoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla ar bhonn comhaontaithe agus amlíne leis an soláthraí.

Ina theannta sin, i gcúinsí ina n-athraíonn cothromaíocht ghnó an tsoláthraí neamhspleách/príobháidigh idir a sholáthar ELE agus AO go suntasach tar éis údarú tosaigh an tsoláthraí sin chun an IEM a úsáid, féadfar a cheangal ar an soláthraí lena mbaineann athbhreithniú breise a dhéanamh ar chomhlíonadh ceann amháin nó ceann eile de na cóid chleachtais chun a údarú IEM a choinneáil.


# 6 FORAMHARC AR PHRÓISEAS AN ÚDARAITHE

## 6.1 DOICIMÉADÚ PHRÓISAS ÚDARAITHE IEM


Foilseoidh QQI doiciméid mhionsonraithe ar leithligh, agus treoirlínte do sholáthraithe san áireamh iontu, maidir leis an bpróiseas atá le cur i gcrích ag soláthraithe a dhéanann iarratas ar údarú chun an IEM a úsáid. Leagtha amach thíos tá foramharc ar phríomheilimintí an phróisis tosaigh le haghaidh údarú do na cineálacha éagsúla soláthraithe.

## 6.2 SOLÁTHRAITHE AO

### Iarratas agus Measúnú




### Rialachas Inmheánach agus Údarú



## 6.3 SOLATHRAITHE ELE

### Iarratas agus Measúnú

**Deimhniú an Iarratais**

Déanfaidh QQI teagmháil le soláthraithe ELE ag iarraidh orthu a rún chun cur isteach ar údarú IEM a dheimhniú.

**Tairseach Iarratais**

Soláthraithe a dheimhníonn go mbeidh iarratas á dhéanamh acu, tabharfar rochtain dóibh ar thairseach iarratais IEM nuair a osclófar é.

**Ráiteas Iarratais don Mharc Oideachais Idirnáisiúnta**

Cuirfidh soláthraithe Ráiteas Iarratais IEM isteach ina gcruthófar go bhfuiltear ag cloí leis an gCód ELE agus le

**Measúnóirí**

Bunóidh QQI painéal measúnóirí a dhéanfaidh comhlíonadh an Chóid ELE agus Treoirlínte DC ó thaobh soláthraí ELE a mheasúnú.

**Plé le Soláthraithe**

Féadfaidh na measúnóirí teacht ar ais le ceisteanna agus/nó iarratais ar dhoiciméid bhreise a mbeidh deis ag an soláthraí a freagra thabhairt orthu.

**Cuairt Suímh**

Tabharfaidh na measúnóirí cuairt fíoraithe ar an láithreán ina ndíreofar ar cé mar a chomhlíonann an soláthraí an Cód ELE agus Treoirlínte DC le haghaidh ELE.

**Tuarascáil na**

The assessors will produce a report, setting out whether provider is in compliance with the ELE Code and QA Treoirlínte le haghaidh ELE.

**Aiseolas na**

The report will be shared with the ELE provider, who will have the opportunity to the review for factual accuracy and respond to the report.

### Rialachas Inmheánach agus Údarú

**Rialachas Inmheánach QQI**

Déanfaidh Coiste Ceaduithe agus Athbhreithnithe QQI Ráiteas Iarratais IEM an tsoláthraí ELE agus tuarascáil na measúnóir (agus freagra an tsoláthraí san áireamh) a bhreithniú.

**Údarú**

Deonóidh an Coiste Ceaduithe agus Athbhreithnithe údarú nó diúltófar údarú don soláthraí ELE chun an IEM a úsáid. Is féidir go dtabharfar údarú a mbeidh coinníollacha ag gabháil leis. I gcás ina ndiúltaítear údarú, féadfaidh an soláthraí an diúltú sin a

# 7 MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHLÍONADH SOLÁTHRAÍ AN CHÓID CHLEACHTAIS AGUS ÚSÁID AN MHAIRC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA

## 7.1 MONATÓIREACHT

- Beidh soláthraithe ELE atá údaraithe chun an IEM a úsáid faoi réir athbhreithniú ar údarú den sórt sin uair amháin ar a laghad gach trí bliana. Ina theannta sin, beidh ar sholáthróirí ELE tuarascáil monatóireachta a tháirgeadh gach 18 mí.[36]
- Soláthraithe AO atá údaraithe chun an IEM a úsáid, déanfar monatóireacht orthu trí thimthriall rialta de phlé faoi DC le QQI, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, athbhreithnithe timthriallacha institiúideacha, tuarascálacha cáilíochta bliantúla (AQRanna), agus cruinnithe comhphlé cáilíochta (QDManna).
- Soláthróirí nasctha de chuid forais cháiliúcháin ainmnithe (DABanna), nach mbíonn teagmháil dhíreach acu le QQI, faoi Acht 2012 arna leasú, maidir le próisis reachtúla DC, rachaidh siad i dteagmháil go díreach le QQI maidir leis an bpróiseas údaraithe don IEM. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh QQI monatóireacht ar chomhlíonadh an Chóid AO ó thaobh soláthraithe nasctha. Bunóidh QQI beartas agus próiseas le haghaidh monatóireacht ar sholáthraithe nasctha maidir leis an IEM roimh na húdaruithe tosaigh IEM.

## 7.2 ATHBHREITHNIÚ

Féadfaidh QQI athbhreithniú a dhéanamh uair ar bith ar chomhlíonadh soláthraí atá údaraithe chun an IEM a úsáid in éineacht leis:

- an cód cleachtais is infheidhm
- na coinníollacha a d’fhorchur QQI maidir le húdarú IEM

Agus athbhreithniú den sórt sin á dhéanamh, tabharfaidh QQI aird ar aon athbhreithniú eile ar an soláthraí a dhéanfar faoi Acht 2012 arna leasú, i gcás ina bhfuil an t-athbhreithniú sin ábhartha don IEM.

Níl aon phleananna ann faoi láthair le haghaidh athbhreithnithe ar leithligh ar chomhlíonadh IEM san ardoideachas mar beidh oideachas idirnáisiúnta mar chuid d’athbhreithnithe institiúideacha reachtúla amach anseo. Leanfaidh athbhreithniú iomlán ar údarú IEM ar fud na hearnála athbhreithniú substaintiúil a dhéanamh ar an gCód AO, nó bunú cód cleachtais nua maidir le réimse ar leith den soláthar oideachais idirnáisiúnta.

# 8 AISTARRAINGT AN ÚDARAITHE CHUN AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA A ÚSÁID

Tá leas ag soláthraithe agus ag comhlachtaí dámhachtana reachtúla i gcur le muinín agus sláine an IEM. Cuirfidh an IEM agus na cóid chleachtais ghaolmhara ar chumas soláthraith , ina n-aonar agus i dteannta a chéile, a gcion a dhéanamh chun cáil chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann a chosaint go hidirnáisiúnta. Aithnítear freisin go bhfuil go leor soláthraithe tar éis soláthar clár agus tacaíochtaí seirbhíse acadúla agus mac léinn a chur i bhfeidhm do mhic léinn idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith níos airde ná na ceanglais a mholtar i dtaca leis an IEM

Ceanglaíonn Acht 2012 arna leasú go dtarraingeoidh QQI siar údarú soláthraí chun an IEM a úsáid siar sna cásanna seo a leanas:

- Measann QQI nach gcomhlíonann an soláthraí an cód a thuilleadh;
- Measann QQI nach bhfuil an soláthraí ag comhlíonadh coinníoll a fhorchuirtear i ndáil le hoibriú an IEM, lena n-áirítear mainneachtain leanúnach nó thromchúiseach ar thaobh an tsoláthraí comhoibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le monatóireacht a dhéanamh ar mhic léinn ó thaobh chomhlíonadh an dlí inimirce;
- Tá formheas nósanna imeachta DC arna mbunú ag soláthraí ábhartha tarraingthe siar ag QQI;
- tá formheas nósanna imeachta QA arna mbunú ag soláthraí nasctha tarraingthe siar ag comhlacht dámhachtana nasctha;
- Tá formheas nósanna imeachta DC arna mbunú ag soláthraí ábhartha tarraingthe siar ag QQI;

Más rud é, tar éis do QQI athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh soláthraí atá údaraithe chun an IEM a úsáid, go measann QQI nach gcomhlíonann soláthraí an cód cleachtais a thuilleadh, na ceanglais reachtúla maidir le hiarratas a dhéanamh ar údarú IEM, nó aon choinníollacha a fhorchuireann QQI i ndáil le maidir le húdarú an tsoláthraí sin chun IEM a úsáid, cuirfidh QQI in iú don soláthraí, trí fhógra i scríbhinn, go bhfuil sé beartaithe aige údarú an tsoláthraí chun an IEM a úsáid a tharraingt siar.

Féadfaidh soláthraí a gcuirtear in iúl dó trí fhógra i scríbhinn go bhfuil sé beartaithe ag QQI a údarú chun an IEM a úsáid a tharraingt siar tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid QQI maidir leis na cúiseanna atá leis an tarraingt siar atá beartaithe, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an fógra a sheirbheáil ar an soláthraí. I gcás ina measann QQI - tar éis tuairimí an tsoláthraí a mheas - nach bhfuil an cód cleachtais, na ceanglais reachtúla chun iarratas a dhéanamh ar údarú IEM, nó aon choinníollacha a fhorchuireann QQI maidir le húdarú an tsoláthraí sin chun an IEM a úsáid á gcomhlíonadh ag an soláthraí, tarraingeoidh sé siar údarú an tsoláthraí chun an IEM a úsáid trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don soláthraí ó cibé dáta is cuí leis

Féadfaidh soláthraí achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh QQI an t-údarú chun an IEM a úsáid a tharraingt siar ón soláthraí sin (féach cuid 13 thíos).

36 Gheofar tuilleadh sonraí, leis, sna *Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta le haghaidh Soláthraithe Chláir Oideachais sa Bhéárla*, alt 2.2.3 (b).

# 9 IMPLEACHTAÍ DON SCÉIM REATHA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA LE hAGHAIDH ELE: CREIDIÚNÚ AGUS COMHORDÚ SEIRBHÍSÍ SA BHÉARLA

In éineacht leis an IEM agus an Cód Cleachtais ELE gaolmhar, tá scéim reachtúil nua DC do sholáthraithe ELE á bunú ag QQI. Eiseoidh QQI treoirlínte DC reachtúla tacaíochta leis an scéim nua (féach cuid 2.3 thuas).[37] Ceanglófar ar sholáthraithe atá ann cheana atá creidiúnaithe ag ACELS agus ar spéis leo cur isteach ar údarú chun an IEM a úsáid nósanna imeachta DC a bhunú faoin scéim nua mar chuid dá n-iarratas ar údarú IEM (féach cuid 3.2 thuas).

Cuirfear deireadh leis an scéim ACELS neamhreachtúil atá ann cheana, atá á maoirsiú faoi láthair ag QQI ar bhonn riaracháin, in am trátha a luaithe a bheidh deis réasúnach tugtha do sholáthraithe ELE a bhfuil creidiúnú ACELS acu, agus ar mian leo cur isteach ar údarú chun an IEM a úsáid, tabhairt faoin bpróiseas iarratais agus measúnaithe le haghaidh údarú IEM. Soláthraithe ACELS nach mian leo iarratas a dhéanamh ar údarú chun an IEM a úsáid, ní bheidh creidiúnú ACELS acu ón uair a scoirfear scéim ACELS.

Ní bheidh aon aistriú uathoibríoch ón scéim ACELS atá ann cheana go dtí an IEM, cé go mbeidh idirthréimhse ann fad a bhíonn soláthraithe ELE a bhfuil creidiúnú ACELS acu ag cur isteach ar phróiseas iarratais agus measúnaithe an IEM. Rachaidh QQI i gcomhairle le soláthraithe creidiúnaithe ACELS ó thaobh próiseas cothrom agus ordúil a bhunú don aistriú ón scéim ACELS go dtí scéim an IEM.

37 Treoirlínte Reachtúal um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Chláir Oideachais sa Bhéarla. https://www.qqi.ie/sites/default/files/2024-01 statutory-quality-assurance-guidelines-for-english-language-education-providers.pdf

# 10 TÁILLÍ AGUS AN MUIREAR BLIANTÚIL A GHABHANN LEIS AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA

Foráiltear in Acht 2012 arna leasú do tháillí agus do mhuirear bliantúil maidir le húdarú chun an IEM a úsáid.[38] Féadfaidh soláthraithe a lorgaíonn údarú chun an IEM a úsáid a bheith faoi réir na dtáillí agus na muirear seo a leanas:

- táille iarratais tosaigh iníoctha leis an iarratas;
- táille i ndáil le hathbhreithniú ar chomhlíonadh an Chóid AO nó an Chóid ELE;
- muirear bliantúil arna fhorordú ag an Aire a bheidh iníoctha ar nó roimh dháta cothrom bliana ó údarú an tsoláthraí chun an IEM a úsáid.

Socrófar na táillí agus na muirir maidir leis an IEM ar bhonn aisghabháil costas iomlán QQI as an scéim a oibriú, agus thairis sin de réir bheartas táillí QQI.

38 Acht 2012 arna leasú Revised Acts (lawreform.ie): ss. 62; 80(1)(m); 80(1)(n).

# 11 FAISNÉIS PHOIBLÍ MAR GHEALL AR SHOLÁTHRAITHE ARNA N-ÚDARÚ CHUN AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA A ÚSÁID

Faoi alt 79 d'Acht 2012 arna leasú, coinníonn QQI bunachar sonraí, Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ),[39] chun faisnéis údarásach a sholáthar ar na dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC, agus ar na cláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC. Léireoidh an bunachar sonraí seo an bhfuil soláthraí cláir údaraithe chun an IEM a úsáid. Áireofar leis freisin faisnéis faoi chláir ELE atá ailínithe leis an CCTE, lena n-áirítear cláir as a leanann scrúduithe inniúlachta, i gcás ina bhfuil soláthraithe na gclár sin údaraithe chun an IEM a úsáid.

39 Clár Cáilíochtaí na hÉireann (irq.ie)

# 12 AN MARC OIDEACHAIS IDIRNÁISIÚNTA: BRANDÁIL AGUS CUR CHUN CINN

## 12.1 BRANDÁIL

Déanfaidh QQI branda IEM a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. Cé go bhfuil bealaí sainiúla chun IEM a údarú do ghrúpaí éagsúla soláthraithe (soláthraithe poiblí agus neamhspleácha/príobháideacha, agus soláthraithe ELE), beidh branda agus lógó amháin ann don IEM. Féadfaidh cibé focail a chinnfidh QQI a bheith san IEM mar mharc reachtúil, faoi réir chomhaontú an Aire. Cuirfidh an fhoclaíocht agus an featha amhairc nó an lógó cuspóir an IEM in iúl, ionas go gcuirfear muinín i soláthraithe oideachais agus oiliúna Éireannacha in iúl do mhic léinn idirnáisiúnta.

QQI a bheidh ina úinéir ar an IEM agus is faoi shéala QQI a údarófar do sholáthraí é a úsáid. Eiseoidh QQI treoirlínte brandála agus prótacail chumarsáide do sholáthraithe maidir le húsáid an IEM. Beidh sé ina chion ag soláthraí an IEM a úsáid gan údarú QQI, nó a éileamh nó a léiriú go bréagach gur údaraigh QQI an soláthraí chun an IEM a úsáid.

## 12.2 CUR CHUN CINN

Déanfaidh QQI straitéis bhrandála agus chur chun cinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don IEM. Is é cuspóir tosaigh na straitéise seo feasacht agus tuiscint ar an IEM a bhunú i measc páirtithe leasmhara.

Beidh údarú chun an IEM a úsáid ina choinníoll freisin do sholáthraithe ar mian leo rochtain a fháil ar thacaíochtaí náisiúnta margaíochta agus cur chun cinn. Leanfaidh an branda Oideachas in Éirinn atá ann faoi láthair, arna mhaoirsiú ag Fiontraíocht Éireann, de ról lárnach a bheith aige maidir le feasacht ar Éirinn mar cheann scríbe d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta a chur chun cinn ar mhaithe le soláthraithe atá údaraithe chun an IEM a úsáid.[40]

40 Enterprise Ireland is responsible for the international marketing and promotion of Irish Higher Education Institutions - Education in Ireland

# 13 AN PRÓISEAS CINNIDH, ATHBHREITHNITHE AGUS ACHOMHAIRC

Foráiltear i gCodanna 5 agus 7 d'Acht 2012 arna leasú do nósanna imeachta achomhairc. Féadfaidh soláthraithe achomharc a dhéanamh chuig an bPainéal Achomharc más rud é:

- go ndiúltaíonn QQI úsáid an IEM a údarú
- tar éis athbhreithnithe, go molann QQI údarú soláthraí chun an IEM a úsáid a tharraingt siar.

Tá faisnéis faoin bpróiseas achomhairc ar fáil ag: Cinneadh arna dhéanamh ag QQI a achomharc I Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.